NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10878 – CVC / LGP / GREEN VERACITY ACQUISITION HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 363/10)

1. An 15 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. ("CVC", Lucsamburg),

— Leonard Green & Partners, L.P. ("LGP", na Stáit Aontaithe),

— Green Veracity Acquisition Holdings, Inc. ("an Spriocghnóthas", na Stáit Aontaithe), faoi rialú LGP.

Gheobhaidh CVC agus LGP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghnóthas.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainistíonn CVC agus/nó a chuid fochuideachtaí cistí agus ardáin infheistíochta a bhfuil leasanna acu i roinnt cuideachtaí i dtionscail éagsúla san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise go príomha,

— Díríonn LGP go príomha ar infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí tomhaltóirí, gnó agus cúraim sláinte, chomh maith le seirbhísí miondíola, dáileacháin agus tionsclaíocha,

— Is é an Spriocghnóthas máthairchuideachta sealbhaíochta Veritext, LLC a sholáthraíonn seirbhísí teistíochta réamhthrialacha agus seirbhísí tacaíochta dlíthíochta sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le láimhseáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10878 – CVC / LGP / GREEN VERACITY ACQUISITION HOLDINGS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË